



Mo Shaol atá ag Athrú:
Aonad Téamach

**Forbairt Phearsanta:
Luachanna agus Creidimh**

Ag Foghlaim don Saol agus don Obair (MFM)

Grúpa na Scríbhneoirí

Nora O Baoil, Fleming Fulton School, Béal Feirste (*Eagarthóir*)
Mura Kennedy, Fleming Fulton School, Béal Feirste (*Eagarthóir*)

Avril Fryer, Rostulla School, Baile na Mainistreach
Ruth McCreadie, Longstone School, Béal Feirste
June Richardson, Cedar Lodge School, Béal Feirste
Fionnuala Saunders, St Gerard's Education Resource Centre, Béal Feirste
Pauline Brady, Rathmore Guidance Centre, Aontroim
Colm Hassan, Belmont School, Doire
Mary Connolly, Erne School, Inis Ceithleann
Eileen McKeown, Erne School, Inis Ceithleann
Mary McKendry, Castle Tower School (Loughan Campus), An Baile Meánach

Múinteoirí Comhlacha

Denise Maguire, Newtownabbey Educational Guidance Centre
Bronac O'Connell, Sunlea Educational Guidance Centre, Cúil Raithin

Foilseachán CCEA ©2012

www.nicurriculum.org.uk

Grianghraf Clúdaigh: Bubbles Photo Library - John Powell

Teideal an Aonaid: Mo Shaol atá ag Athrú

Fo-Théama: Forbairt Phearsanta: Luachanna agus Creidimh

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta: Smaointeoireacht, Fadhbriteach agus Cinnteoireacht

Cuspóir Curaclaim: An duine óg a forbairt mar rannpháirtí sa tsochaí

Eochair-Eilimintí: Tuiscint phearsanta, chomhthuiscint, meanma morálta, feasacht spioradálta, saoránacht, tuiscint chultúrtha, infhostaitheacht, oideachas don forbairt inbhuanaithe

Dearcadh agus Méin: Freagracht phearsanta, comhbhá le daoine eile, tiomantas/diongbháilteacht/seiftiúlacht, toil éisteacht le smaointe úra, féinchreideamh/soirbhíochas/pragmatachas, fiosracht, meanma pobail, solúbthacht, caoinfhulaingt, ionracas/misneach morálta, meas

Eispéireas Foghlama: Fiosrú agus fadhbréiteach, naisc idir achair eile churaclaim, ábhartha agus taitneamhach, foghlaim ilmheánach, scileanna imeasctha, gníomhaíoch agus praiticiúil, rogha á tairiscint, dúshlánach agus suimiúil, timpeallacht thacúil, éagsúlacht chultúrtha, athneartú dearfach, in oiriúint do stíl foghlama, athmhachnamh leanúnach, bunaithe ar fhiosrú

Nascann na hAonaid Théamacha sraitheanna de *Fhoghlaim don Saol agus don Obair*, in Forbairt Phearsanta, in Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, in Eacnamaíocht Bhaile agus in Infhostaitheacht le chéile agus léiríonn siad an dóigh a gcuireann siad le tuiscint de théama lárnach. Cuirtear roinnt gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc agus measúnaithe ar fáil (agus áiseanna tacaíochta leo) le cuidiú leat tabhairt faoi eochair-eilimintí agus Ráitis an Íosriachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann agus iad a thuiscint agus a forbairt.

Cuireann gach Aonad Téamach leis an riachtanas reachtúla maidir le *Foghlaim don Saol agus don Obair* agus nasctar fosta le Réimsí eile Foghlama. Cuirtear deiseanna ar fáil fosta le *Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta* na ndaltaí a forbairt agus na prionsabail de *Mheasúnú Chun Foghlama* a chomhshnaidhmeadh ann agus a nascadh leis na *Scileanna Traschuraclaim*.

Níl na haonaid éigeantach agus níl siad ar an aon chur chuige amháin le haghaidh Churaclam Thuaisceart Éireann. Ní chaithear iad a leanúint go docht. Ina áit sin, moltar roghnú as na réimsí leathan gníomhachtaí foghlama, teagaisc agus measúnaithe sna haonaid agus nuair is cuí, iad a chur in oiriúint agus a leathnú do na ranganna agat.

Ráitis Íosriachtanais

Seo na Ráitis Íosriachtanais a dtugtar fúthu san aonad seo:

Forbairt Phearsanta Féinfheasacht

An fhéinfheasacht a fhiosrú agus a chur in iúl

Forbairt Phearsanta Féinfheasacht

Moráltacht phearsanta, luachanna pearsanta agus creidimh phearsanta a fhiosrú

Forbairt Phearsanta Féinfheasacht



Na dóigheanna difriúla le féinmheas a fhorbairt a fhiosrú

Forbairt Phearsanta Féinfheasacht

Na tionchair a imrítear ar dhuine óg a fhiosrú

Forbairt Phearsanta Féinfheasacht

Scileanna agus straitéisí a fhorbairt le foghlaim phearsanta a fheabhsú

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p>Cad iad na tionchair a imrítear ar mo chinntí?</p>		<p>Coincheap de tionchair a thabhairt isteach trí phlé a dhéanamh leis na daltaí faoi chinneadh a rinne siad le gairid.</p>	<p>Naisc a dhéanamh idir cúis agus iarmhairt</p>
		<p>Aibhsigh gur annamh a ndéanaimid cinneadh i bhfolús. Is cuma cé chomh furasta nó cé chomh deacair agus atá cinneadh, bíonn tionchar amháin ar a laghad ann a chuidíonn linn le cinneadh a dhéanamh. Is minic a bhíonn cuid mhór tionchar á n-imirt ar chinneadh amháin. Mar léiriú air seo, labhair ar chinneadh a rinne tú, mar shampla le carr a cheannach, agus na tionchair fhéideartha a imríodh ort.</p>	<p>Cumarsáid – Éist le agus a bheith rannpháirteach i bplé agus i míniúcháin</p>
		<p>Pléigh le chéile na tionchair a imríodh ar na cinntí a rinne na daltaí san am a chuaigh thart, ag tagairt ar ais do na cinntí is déanaí a rinne siad agus a luaigh siad. (Is ceacht Measúnú chun Foghlama (McF) é seo a thugann deis duit feasacht do dhaltaí de na tionchair a imrítear ar a gcinntí, a mheas.)</p>	<p>Cumarsáid – Eolas, smaointe, tuairimí, mothúcháin agus samhlaíocht a chur in iúl, ag úsáid níos leithne stór focal</p>
		<p>Lig do na daltaí agat an dá ghníomhaíocht idirghníomhacha a chomhlánú ar bhonn aonarach nó i ngrúpaí beaga, le haon dheacracht a shoiléiriú a mbeadh acu faoi choincheap 'tionchair'.</p> <p>Baineann an chéad ghníomhaíocht le cineálacha tionchar a shainaithint. Sa dara ghníomhaíocht spreagtar na daltaí le tionchair a shórtáil ina dtionchair inmheánacha nó ina dtionchair sheachtracha.</p> <p> AL: Cad é a Imríonn Tionchar Orm?</p> <p> AL: Tionchair Inmheánacha agus Sheachtracha</p>	<p>Cumarsáid – Eolas a fháil, a roghnú agus a úsáid ó réimse téacsanna</p>




Ta Bileog Áiseanna sa Leabhrán seo





Tá Gníomhaíocht Ar Líne (AL) nó Gníomhaíocht PowerPoint (PP) ar fáil ar www.nicurriculum.org.uk



Is Scileanna Trashuraclaim iad na táib siúd atá clóite sa chló **oráiste**


Is Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta iad na táib siúd atá clóite sa chló **bhuí**


Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p>Cad iad na tionchair a imrítear ar mo chinntí?</p>	<p>...féinfheasacht a fhiosrú agus a chur in iúl.</p>	<p>Tabhair deis do na daltaí an rud is dóchúla a imreoidh tionchar ar a gcinntí i ngnáthchásanna éagsúla a shainnithint tríd Áis 1 a chomhlánú. Tabhair orthu an bhileog oibre a chomhlánú trí na boscaí cuí a thiceáil. Úsáid é ansin mar chreatlach plé, ina mbeirteanna, ar dtús agus ansin mar chuid den rang, ar an difríocht a bhí sna freagraí acu.</p> <p> Áis 1: Cad é a Imríonn Tionchar Orm?</p>	

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p>Cad é mar a dhéanaim cinneadh?</p>	<p>... Naisc a dhéanamh idir cúis agus iarmhairt.</p>	<p>Le coincheap ‘próisis’ a shoiléiriú, tabhair nóiméad do dhaltaí le smaoineamh ar an dóigh a ndéanfadh siad réidh cupán tae (nó tasc eile tí simplí). Tóg sreabhchairt ar na sonraithe a thugann siad. Is féidir seo a úsáid mar uirlis measúnaithe lena mheas an dtuigeann na daltaí an coincheap próisis. Pléigh cad é an toradh atá don tae má fhágtar céim tábhachtach amach. Mínigh dóibh gurbh fhearr cinneadh a dhéanamh trí phróiseas a leanúint; má fhágtar céimeanna tábhachtacha amach, is féidir gur droch chinneadh a bheidh ann dá bharr.</p>	<p>Seicheamh, cur in ord, rangú, comparáidí a dhéanamh</p>
		<p>Meas le chéile na próisis a úsáideann na daltaí faoi láthair le cinneadh a dhéanamh. I mbeirteanna nó go haonarach, tóg orthu sreabhchairt a chruthú den phróiseas a úsáidfidís le cinneadh deacair a dhéanamh. (Is deis McF é seo le cuidiú le foghlaimeoirí fáil amach an bhfuil siad comhfhiosach faoina bpróiseas féin le cinneadh deacair a dhéanamh.)</p>	<p>Cumarsáid – Labhair go soiléir agus an chaint a struchtúrú go dtuigfidh daoine eile na smaointe</p>
		<p>Taispeáin an PowerPoint don ghrúpa le ceacht na sreabhchairte a dhaingiú; leagann sé seo creatlach fhéideartha amach le cinnítí maithe a dhéanamh.</p> <p> PP: An dóigh le Cinnítí Maithe a Dhéanamh</p>	
		<p>Dírigh arís ar shreabhchairteacha na ndaltaí dá bpróisis cinnteoireachta, agus déan athmhachnamh orthu in éineacht leis an méid atá foghlamtha acu ón PowerPoint.</p>	
		<p>Cuir ceist orthu an dtig leo smaoineamh ar dhóigh ar bith a bhféadfadh siad a bpróiseas cinnteoireachta a fheabhsú.</p>	

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p>Cad iad na hiarmhairtí?</p>	<p>...na hiarmhairtí a bhaineann le cinntí maithe agus le droch-chinntí a fhiosrú.</p>	<p>Pléigh leis na daltaí go dtig le torthaí maithe nó drochthorthaí nó 'iarmhairtí' a bheith ann le cibé cinntí a dhéanann siad. Agus an cás-staidéar in Áis 2 in úsáid, tabhair deis dóibh tuar agus smaoineamh ar na hiarmhairtí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann.</p> <p> Áis 2: Do Chinneadh Deacair</p>	<p>Tuar, fiosrú fianaise, aithint idir fóras agus barúil</p> <p>Cumarsáid – Barúlacha a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcadh daoine eile</p>

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p>Cad é is cúis lenár gcuid iompraíochta?</p>	<p>... a thuiscint go múnlaítear iompraíocht ar luachanna, ar dhearcadh agus ar chreidimh.</p>	<p>Úsáid na smaointe in Áis 3 leis na tionchair a imrítear ar iompraíocht a phléigh. Cuir cóipeanna de bhileog oibre in Áis 4 a ar fáil do na daltaí lena bhfreagra a thaifeadh. Thiocfadh leat bunachar focal ábhartha do na daltaí a chruthú le cuidiú leo an dara cuid den bhileog oibre a chomhlánú.</p> <p> Áis 3: Cad é a Imríonn Tionchar ar Iompraíocht?</p> <p> Áis 4: Cad é is Cúis le hIompraíocht?</p> <p>Daingnigh le linn an tseisiúin dheireanaigh d'aiseolas, ainneoin go bhfuil tionchair éagsúla á n-imirt ar ár n-iompraíocht, ár ndearcadh agus ár gcreidimh, baineann gach ceann acu seo le dúchas, nó le hoiliúint nó le rogha.</p>	<p>Naisc a dhéanamh le foghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla</p> <p>Cumarsáid – Eolas, smaointe, tuairimí, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl, ag úsáid stór focal níos leithne</p>

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p>Cad iad na luachanna atá agam?</p>	<p>... na luachanna atá acu a fhiosrú.</p>	<p>Úsáid Áis 5 le cuidiú le daltaí a bhféinfheasacht a fhorbairt trína luachanna atá tábhachtach dóibh a fhiosrú agus a shainmhíniú.</p> <p> Áis 5: Cad é atá tábhachtach dom?</p>	<p>Modhanna, barúlacha agus conclúidí a chosaint</p>
		<p>Nuair atá na chéad chúig luachanna aimsithe ag na daltaí, tabhair deis dóibh le 'leabhar', Na Luachanna atá Agam a scríobh agus a fhoilsiú, ag leanúint an teimpléid in PowerPoint. Leis an ghníomhaíocht seo, tugtar ar na páistí cosaint réasúnaithe a thabhairt ar na luachanna atá acu. Spreag iad le híomhanna a sholáthar le tacú lena dtéacs.</p> <p> PP: Na Luachanna atá Agam</p>	<p>Cumarsáid – Smaointe a fhorbairt agus a chur in iúl agus i láthair i réimse foirmeacha, ag úsáid áiseanna traidisiúnta agus digiteacha do réimse lucht éisteacha agus cuspóirí</p>
			<p>TFC a úsáid – Eolas a chur in iúl trí réimse modhanna agus uirlisí digiteacha comhaimseartha a úsáid</p>







Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
<p>Cad é mar a théann cinntí, iompraíocht agus luachanna i bhfeidhm ar mo ghnáthshaoil?</p>	<p>... na luachanna agus na roghanna a bhaineann le ghnáthchásanna laethúla a fhiosrú.</p>	<p>Tugtar deis do na páistí in Áis 6, i gcomhthéacs na siopadóireachta, le cinntí a chleachtadh agus luachanna a dtéann bhfeidhm ar ghnáthchásanna laethúla a mheas. Lig dóibh obair ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga ar dtús agus ansin aiseolas a thabhairt don rang iomlán. Iarr ar gach dalta tabhairt faoi chás amháin nó faoi roinnt cásanna, nuair is cuí.</p> <p> Áis 6: Luach do Chuid Airgid ag an Siopa? (Cruacheist éirime)</p>	<p>Réitigh fhéideartha a chruthú, cur chuige difriúil a thriail agus torthaí a mheas</p> <p>Cumarsáid – Eolas ó théacsanna a úsáid le barúlacha a chosaint</p>

Áiseanna

Cad é a Imríonn Tionchar Orm?

Áis 1

Ticeáil gach ceann acu seo a imríonn tionchar ar do chinneadh. Tig leat níos mó ná bosca amháin a thiceáil do cheist ar bith.









Cad é a bhíonn ag imirt tionchair ort nuair ...	TIONCHAIR SHEACHTRACHA				TIONCHAIR INMHEÁNACHA		
	Tuismitheoirí	Cairde	Múinteoirí	Réalta Teilifíse/na Meán	An dóigh a mothaím	Na luachanna atá agam	Na creidimh atá agam i nDia/i reiligiún
atá tú ag déanamh cinnidh ar na héadaí a chaithfidh tú Dé Sathairn? 							
atá tú ag ceannach bróga spóirt nua? 							
atá do mhamaí ag iarraidh ort do leaba a chóiriú agus buaileann do chara chun tí le fáil amach an dtig leat dul amach ag imirt? 							
a thagann tú ar thoitíní agus ar lastóir d'uncail? 							
atá tú ag cóisir theaghlaigh agus tugann cara do dhúshlán deoch ó bheoir d'athara a ól 							
atá tú ag ceannach Cdanna nó DVDanna? 							

Tá tú in ollmhargadh gnóthach. Tá cuid mhór daoine san ollmhargadh, páistí beaga agus seandaoine san áireamh. Tá deifir ar do mhamaí, mar sin de, cuireann sí thú a fhad leis an chéad phasáiste eile leis an pháipéar leithris a fháil. Ar an bhealach buaileann tú, de thaisme, i gcoinne taispeántas de bhuidéil ghloine liomanáide. Titeann ceann de na buidéil go talamh agus briseann sé ina ghiotaí.

Caithfidh tú cinneadh a dhéanamh ar a dhéanfaidh tú ina dhiaidh seo.

STAD! Cad iad na roghanna atá agat? **SMAOINIGH!** Cad iad na hiarmhairtí féideartha a bhaineann le gach rogha?

Comhlánaigh an tábla thíos sula ndéanfaidh tú do chinneadh deireanach. Úsáid an bunachar focal má chuidíonn sé leat.

Rogha 1:		Iarmhairt mhaith féideartha	
		Droch iarmhairt féideartha	
Rogha 2:		Iarmhairt mhaith féideartha	
		Droch iarmhairt féideartha	
Rogha 3:		Iarmhairt mhaith féideartha	
		Droch iarmhairt féideartha	

Bunachar focal: rith ar shiúl Mamaí cúntóir siopa gloine briste foláigh soiléir sleamhnaigh gearrtha tachrán seandúine mé féin duine ar bith trioblóid béal corróg bhriste scairt inis feargach freagartha scanraithe slodán

Déan Cinneadh!

Is é an cinneadh deireanach atá agam ná Rogha..... cionn is.... _____

Cad é a Imríonn Tionchar ar Iompraíocht? (1 as 2)

Áis 3

Tarraing nó teilg pictiúr mór de bhád seoil (féach ar an chéad leathanach eile) ar an chlár, agus ansin léigh an téacs seo a leanas don rang:

Samhlaigh tú féin ag dul ar thuras ar bhád beag seoil.

Fiafraigh díot féin - cad é a dhéanann bád - cad é mar a fheidhmíonn sé?

Anois smaoinigh ar rudaí a théann i bhfeidhm nó a imríonn tionchar ar an dóigh a bhfeidhmíonn an bád?

Más cuí, scríobh freagraí na ndaltaí thart ar phictiúr an bháid nó lig dóibh féin scríobh ar an chlár nó úsáid a bhaint as lipéid. Beidh tú ag dúil le freagraí mar *an ghaoth, an fharraige, na tonnta, an aimsir, táithí an chaptaein, poll sa bhád, srl.*

Tabhair leideanna, más gá, mar:

Dá mbeadh na seolta stróicthe?

Dá dtabharfainn aire mhaith do mo bhád?

Dá rachainn ar aicearra a bhí ródheas do na carraigeacha?

Dá ndéanfainn neamhiontas do na tithe solais?

Murar sheol mé riamh roimhe?

Má bhí eagla ar mo thuismitheoirí roimh an fharraige?

Má chonaic mé scannán ina raibh an laoch ina sheoltóir clúiteach?

Dá mbeadh an bád róthrom?

Má tá mé róbhocht le haire mhaith a thabhairt do mo bhád?

Dá rachadh an aimsir chun donais agus dá n-éireodh an fharraige gharbh?

Dá mbeadh léarscáileanna agus cairteacha liom ach níor fhoghlaim mé ariamh an dóigh lena léamh?

Dá mba scoth seoltóirí iad mo thuismitheoirí?

Dá mbeadh cairde ag seoladh taobh liom?

Dá dtabharfainn bladhmanna guaise liom cionn is go gcreidim go dtarrthálfadh duine éigin mé?

I ndiaidh na gceisteanna seo a chur, ba chóir go mbeifeá ábalta cuid mhór de na heochair focail a thaifeadadh thart ar íomhá an bháid do na daltaí. Cuir i gcuimhne do na daltaí go n-imríonn cuid mhór rudaí tionchar ar iompraíocht. Tá trí chatagóir acu ann:

1. Tréithe Fisiceacha (dúchas)
2. An domhan thart orainn (oiliúint)
3. Na roghanna a dhéanaimid.

Roinn **Áis 4** ar na daltaí.

Iarr ar na daltaí na tionchair a shórtáil isteach sna catagóirí a mbaineann siad leo, agus líon isteach an chéad chuid den bhileog oibre. Is féidir go mbeidh freagraí ann nuair nach léir cé acu catagóir a mbaineann siad leis; tá sé seo inghlactha cionn is go mbíonn sé deacair in amanna déanamh amach cé acu an tionchar a bhaineann le dúchas é nó a bhaineann le hoiliúint é. Is é an plé agus an smaointeoireacht a bhaineann leis an phlé atá tábhachtach, seachas an freagra.

Nuair atá an chéad chuid den bhileog oibre comhlánaithe, thiocfadh leis na daltaí aiseolas a thabhairt don rang. Ba chóir go mbeadh siad ábalta na fáthanna a bhí acu le tionchar ar leith a chur i gcatagóir ar leith a mhíniú don rang.


Anois mínigh do na daltaí gur mhaith leat iad na tionchair a imrítear ar a ndearcadh agus a n-iompraíocht féin a chur i gcatagóirí ag úsáid na gceannteideal céanna. Arís eile, críochnaigh le seisiúin aiseolais le ligean do na daltaí a bhfreagraí a chur i gcomparáid lena chéile.



Cad é is Cúis le hlompraíocht?

Áis 4

Scríobh sa tábla, na rudaí a imríonn tionchar ar an dóigh a bhfeidhmíonn an bád seoil.

Cad é a imríonn tionchar ar an dóigh a bhfeidhmíonn an bád seoil? 		
Tréithe fisiceacha (dúchas)	An domhan thart orainn (oiliúint)	Roghanna

Agus na catagóirí céanna in úsáid agat, sainithint cad é a imríonn tionchar ar do dhearcadh agus do chuid iompraíochta.




Cad é a imríonn tionchar ar mo dhearcadh agus ar mo chuid iompraíochta? 		
Tréithe fisiceacha (dúchas)	An domhan thart orainn (oiliúint)	Roghanna

Cad é atá tábhachtach dom? (1 as 2)

Áis 5

Úsáid an tábla de luachanna anseo thíos lena chuidiú leat cinneadh a dhéanamh ar na rudaí is mórluachmhaí agat ar an saol seo. Cuir marc i gceann amháin de na bosca taobh le gach ráiteas lena thaispeáint go bhfuil an luach **gan tábhacht**, **measartha tábhachtach** nó **ríthábhachtach** leat. Níl freagra mícheart ann.




	Tábhachtach?		
	Gan tábhacht	Measartha Tábhachtach	Ríthábhachtach
			
A bheith ar an duine is fearr			
A bheith i gceannas			
Spraoi a bheith agat			
Ceoil a bhualadh			
Cuidiú a thabhairt do dhaoine eile			
Rudaí a chruthú agus a tharraingt			
Cuid mhór airgid a dhéanamh			
Spreagthacht			
Muintearais a mhothú			
An rud ceart a dhéanamh			
A bheith ar an duine is cliste			
An áit ina gcónaím			




	Tábhachtach?		
	Gan tábhacht	Measartha Tábhachtach	Ríthábhachtach
			
Obair le dhéanamh			
A bheith fírinneach			
Féinmheas a bheith agam			
Ligthe le mo chinneadh féin a dhéanamh			
Rudaí a fháil déanta díreach in am			
Cuid mhór am saor a bheith agam			
Aire a thabhairt don chomhshaoil			
Daoine eile ag éisteacht lena deirim			
Dlúth Chairde a bheith agam			
Rud nua a fhoghlaim			
Teaghlach a bheith agam			
Gean (ag tabhairt grá do dhaoine agus daoine ag tabhairt grá duit)			

Cad é atá tábhachtach dom? (2 as 2)

Áis 5

Nuair atá na táblaí déanta agat, roghnaigh na cúig luachanna is tábhachtaí agat agus aibhsigh iad (nó cuir ciorcal thart orthu). Bainfidh tú úsáid as na luachanna seo le cuidiú leat leabhar a scríobh faoina luachanna atá agat.


	Tabhachtach?		
	Gan tábhacht	Measartha tábhachtach	Ríthábhachtach
			
Príobháideacht a bheith agam			
Meas a bheith ag daoine eile orm			
A bheith ionraic			
Mo chreideamh a chleachtadh			
Dúlra			
Sármhaitheas			
Clú			
Freagracht			

	Tabhachtach?		
	Gan tábhacht	Measartha tábhachtach	Ríthábhachtach
			
Mothú go bhfuil mé slán sábháilte			
Dílseánacht			
Cead cainte a bheith ag gach duine			
Go leor airgid le maireachtáil			
A bheith cineálta			
A bheith iomaíoch			
Eachtraíocht a bheith i mo shaol			
Cáil			


D'fhoghlaimíomar an dóigh le cinntí maithe a dhéanamh agus na rudaí a imríonn tionchar ar ár gcuid iompraíochta, agus na luachanna is tábhachtaí linn. Anois breathnóimid ar roinnt gnáthchásanna laethúla leis an dóigh a mbaineann luachanna agus roghanna lenár gcinntí agus lenár gcuid iompraíochta a fháil amach. Is féidir gur mhaith leat úsáid a bhaint as an bhileog oibre “Cad é atá Tábhachtach dom” le cuidiú leat.

Pléigh na cásanna le do chomhpháirtí, agus déanaigí iarracht na ceisteanna a fhreagairt eadraibh. An dtig libh aontú cé acu atá nó nach bhfuil freagra ‘ceart’ ann? Beidh sibh ag roinnt na bhfreagraí agaibh leis an chuid eile den rang, agus is féidir libh do fhreagra a chur in iúl i bhfoirm labhartha, amhairc nó i bhfoirm ról imeartha.

Agus tú ag tarraingt ar an ollmhargadh, tá an t-aon áit páirceála amháin atá cóngarach don siopa ceaptha do thiománaithe faoi mhíchumas. Ní duine mhíchumasach thú. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?




Nuair atá tú ag dul thart ar an siopa le do dheartháir óg, tosaíonn sé ag caoineadh cionn is gur mhaith leis ceann de na bananaí sa tralaí siopadóireachta. Tugann Daidí an banana dó agus tá sé ite aige sula sroicheann tú an cuntar. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?



Tá tú ag cuntar siopa atá an-ard; ní fheiceann an cúntóir thú ag fanacht go ndéantar freastal ort. Tagann duine fásta agus téann sé romhat. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?



Agus tú i siopa, feiceann tú ar chlúdach irisleabhair go bhfuil scéal an-suimiúil taobh istigh den irisleabhar. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?



Luach do Chuid Airgid ag an Siopa? (Cruacheist éirime) (2 as 2)

Áis 6

Le linn di a bheith i siopa lena tachrán, ní thugann máthair faoi deara an páiste ag tógáil paicéad milseán agus á chur i bhfolach sa bhugaí. Ní thagann an mháthair ar na milseáin go dtí go bhfuil sí ar shiúl ón siopa. Cad iad na roghanna atá aici agus cad iad na luachanna bhainfidh leo?



Ar theacht chun an bhaile duit, buaileann sé thú gur tugadh barraíocht briste duit; níor thug tú ach deich bpunt, ach thug an cúntóir siopa briseadh as fiche punt duit. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?



Chuaigh tú chuig an ollmhargadh agus tá tú sa scuaine don chuntar amach. Iarrann an duine i do dhiaidh ort ligean dó dul romhat mar níl ach cúpla earra aige. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?




Agus tú i siopa le seacláid a cheannach, tugann tú faoi deara nach seacláid Chóirthrádála í an seacláid is fearr leat. Tá barra eile cosúil leis ann, atá cóirthrádála agus rud beag níos daoire. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?



Le linn a bheith amuigh le cara, feiceann tú é ag tógáil rud éigin ón siopa agus á shleamhnú isteach ina phóca. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?



Agus tú in ollmhargadh, fiafraíonn cúntóir an chuntair amach díot an bhfuil málaí plaisteacha de dhíth ort. Cad iad na roghanna atá agat agus cad iad na luachanna a bhainfidh leo?





COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

☎ +44 (0)28 9026 1200

☎ +44 (0)28 9026 1234

☎ +44 (0)28 9024 2063

✉ info@ccea.org.uk

🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning